



Imlitir 0005/2014

Chuíg: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Feidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) agus an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013

Múinteoirí

Réamhrá

1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná Údaráis Bhainistíochta, Boird Oideachais agus Oiliúna agus múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar phá múinteoirí uile agus bearta eile atá le teacht i bhfeidhm ón 1 Iúil 2013. Tá na hathruithe seo ag eascairt as an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), ag féachaint d'Alt 7 den Acht.
2. Toisc gur Imlitir chomhdhlúite í seo, cuirtear téarmaí Imlitreacha 31/2013 agus 49/2013 as ionad leis seo. Más rud é, áfach, gur cuireadh ceann ar bith de na bearta a leagtar amach anseo thíos i bhfeidhm ar mhúinteoirí faoi théarmaí Imlitreacha 31/2013 agus 49/2013, níor chóir na bearta sin a chur i bhfeidhm ar an múinteoirí athuair de dheasca na hImlitreach seo.
3. Chun críocha na hImlitreach seo, glactar leis gurb é is ciall le tuarastal ná tuarastal a chuimsíonn liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad.
4. Beidh forálacha na hImlitreach seo i bhfeidhm ar roinnteoírí oibre nó ar mhúinteoirí páirtaimseartha ar bhonn pro-rata lena gcomparadóir coibhéise lánaimseartha.

5. Cuirtear i bhfeidhm na leasuithe párolla, lena n-áirítear íocaíocht incrimintí, atá riachtanach de bharr an Chomhaontaithe, chomh luath agus is féidir agus le feidhm siarghabhálach go 1 Iúil 2013 (nó dáta an cheapacháin, má tá sé sin níos déanaí).

Incrimintí agus bearta cothromaithe ábhartha

6. Íocfar an chéad incrimint atá dlite ar 1 Iúil 2013 nó ina dhaidh mar is gnách.
7. Do mhúinteoirí ar thuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) faoi bhun €35,000, beidh reo incriminte amháin trí mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don incrimint a bheith íoctha dá bhfuil tagairt déanta in alt 6 thuas íoctha. Mairfidh an tréimhse incriminteach dar gcionn 15 mhí seachas 12 mhí.
8. Do mhúinteoirí ar thuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) idir €35,000 agus €65,000, beidh dhá reo incriminte trí mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don incrimint a bheith íoctha dá bhfuil tagairt déanta in alt 6 thuas íoctha. Mairfidh an dá thréimhse incriminteacha dar gcionn 15 mhí araon seachas 12 mhí.
9. Do mhúinteoirí ar thuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) €65,000 nó níos mó, beidh dhá reo incriminte sé mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don incrimint a bheith íoctha dá bhfuil tagairt déanta in alt 6 thuas íoctha. Mairfidh an dá thréimhse incriminteacha dar gcionn 18 mí araon seachas 12 mhí.
10. Sa chás go sáraíonn tuarastal an mhúinteora (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) €35,000 le linn an Chomhaontaithe, beidh dara reo incriminte trí mhí i bhfeidhm, faoi réir na socrúithe do mhúinteoirí ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 mar atá leagtha amach in alt 8 thuas.
11. Má théann tuarastal an mhúinteora (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) os cionn €65,000 le linn an Chomhaontaithe, beidh na forálacha laghdaithe pá a luaitear in ailt 15 go 21 thíos i bhfeidhm.

Múinteoirí ar Phointe Deiridh an Bhunscála Comónta agus ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000

12. Dúirt Imlitir 49/2013 go mbeadh socrúithe ar leith i bhfeidhm do mhúinteoirí a bhfuil tuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) idir €35,000 agus €65,000 acu agus atá ar an bpointe deiridh ar an mBunscála Comónta nó a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i ndiaidh tréimhse incrimintí 15 mhí (mar a luaitear in Alt 8). Seo a leanas na socrúithe sin:
 - Do mhúinteoirí a shroich an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta roimh 2013 nó lena linn, déanfar asbhaint airgid de €687 ón

nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar leath den incrimint is déanaí.

- Do mhúinteoirí a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i 2014, déanfar asbhaint airgid €458 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar thrian den incrimint is déanaí.
 - Do mhúinteoirí a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i 2015, déanfar asbhaint airgid €343 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar cheathrú den incrimint is déanaí.
13. Déanfar na hasbhaintí ón nglantuarastal sna cásanna uile (i.e. glan ar asbhaintí reachtúla lena n-áirítear Cáin agus Á.S.P.C., Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean srl.). Dá réir sin, ríomhadh na hasbhaintí a leagtar amach in alt 12 thuas ar ollluach na hincriminte is déanaí agus laghdaíodh faoi 62% iad.
14. Baileofar an asbhaint airgid ón tuarastal ar bhonn céimnithe thar 12 mhí. Is ionann na hasbhaintí atá leagtha amach in alt 12 agus an asbhaint iomlán atá de dhíth faoin bhforáil seo do théarma Chomhaontú Bhóthar Haddington (go dtí Iúil 2016).

Luach Saothair Níos Airde

15. Chomh maith leis na bearta ar incrimintí thuas, beidh laghdú i bpá na múinteoirí ar thuarastal (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) €65,000 nó níos mó mar seo a leanas:

Suim Bhliantúlaithe an Luacha Saothair a bhaineann leis an Imlitir seo	Laghdú
Suim ar bith suas le €80,000	5.5% *
Suim ar bith thar €80,000 ach gan a bheith thar €150,000	8%

* Baineann an laghdú 5.5% le gach luach saothair faoi bhun €80,000, ní hamháin don chuid den luach saothair atá €65,000 agus €80,000.

16. Mar atá sonraithe in alt 3 thuas, glactar leis gurb é is ciall le tuarastal chun críocha na hImlitreach seo ná tuarastal a chuimsíonn liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad. Agus tuarastal múinteora á ríomh **chun críocha laghdú an luacha saothair níos airde amháin**, níor chóir an liúntas Maoirseachta agus Ionadaíochta a chur san áireamh san iomlán. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh mionsonraí agus samplaí oibrithe.
17. Má ardaíonn tuarastal múinteora (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) os cionn €65,000 le linn an Chomhaontaithe, beidh na forálacha laghdaithe tuarastail seo i bhfeidhm.

18. Ní rachaidh luach saothair múinteora aonair faoi bhun €65,000 mar thoradh ar an laghdú seo a chur i bhfeidhm.
19. Sa chás go bhfuil múinteoir fostaithe ar níos lú ná uaireanta iomlána (i.e. ar bhonn páirtaimseartha nó postroinnte) agus go bhfuil a dtuarastal coibhéiseach lánaimseartha (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad) níos mó ná €65,000, beidh na laghduithe atá leagtha amach sa tábla thuas i bhfeidhm ar a dtuarastal ar bhonn pro-rata.

Aiscur an Laghdaithe Tuarastail

20. Do mhúinteoirí a bhfuil tuarastal bliantúlaithe (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) €65,000 nó níos mó, déanfar an laghdú atá leagtha amach sna hailt idir 15 agus 19 thuas a aiscur chuig an ráta a bheadh acu, mura mbeadh an laghdú tuarastail, laistigh de 18 mí ar a mhéad ó dheireadh an Chomhaontaithe 3 bliana (a thosaigh le feidhm ón 1 Iúil 2013). Déanfar an t-aiscur in dhá thréimhse atá ar chóimhéid – an chéad cheann tar éis 9 mí agus an dara ceann 9 mí níos déanaí. Eiseoidh an Roinn na treoracha ar leith maidir leis an aiscur seo níos gaire don am a chuirfear i bhfeidhm é.

Maolú ar Thionchair Iolracha

21. Beidh bearta laghdaithe i bhfeidhm i gcás na múinteoirí a chailleann tuarastal inphinsin tríd an laghdú luacha saothair níos airde mar atá tuairiscithe sna hailt 15 go 20 thuas **agus** aistarraingt an liúntais Mhaoirseachta agus Ionadaíochta faoin gComhaontú. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh mionsonraí agus samplaí oibrithe.

Asbhaint a Bhaineann le Pinsean – Leasú ar Ráta:

22. Laghdófar na rátaí don Asbhaint a Bhaineann le Pinsean sa ráta banda €15,000-€20,000 go dtí 2.5% ó 5% le feidhm ón 1 Eanáir 2014. Ón 1 Eanáir 2014, is iad seo a leanas na rátaí a bheidh ann don Asbhaint a Bhaineann le Pinsean:

Bandaí agus Rátaí	
Faoi bhun €15,000	Díolmhaithe
€15,000 - €20,000	2.5%
€20,000 - €60,000	10.0%
Os cionn €60,000	10.5%

Scálaí Tuarastail Leasaithe agus Rátaí Leasaithe do Mhúinteoirí a chuaigh isteach sa Mhúinteoireacht idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 agus d'iontrálaithe i ndiaidh an 1 Feabhra 2012

23. Beidh scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe agus rátaí leasaithe páirtaimseartha in aghaidh na huairde do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 mar atá leagtha amach in Aguisín 2 i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Iúil 2013. Leanfar ag íoc liúntas cáilíochta leis an gcóhort seo de mhúinteoirí, de réir mar is cuí.
24. Beidh scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe agus rátaí leasaithe páirtaimseartha in aghaidh na huairde do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh agus d'iontrálaithe amach anseo mar atá leagtha amach in Aguisín 3 i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Iúil 2013. Níl na liúntais cáilíochta iníoctha leis an gcóhort seo de mhúinteoirí.

Laghdú sna Riachtanais Cáilíochta Seirbhíse um Measúnú le bheith i dTeideal do Chonradh Tréimhse Éiginnte faoi Imlitir 33/2009 agus Imlitir 34/2009

25. I gcomhréir le téarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington, tá múinteoirí atá fostaithe ar bhonn téarma seasta i dteideal a bheith curtha san áireamh le haghaidh conartha thréimhse éiginnte ach níos mó ná seirbhís leanúnach 3 bliana a bheith acu leis an bhfostóir céanna (laghdú ón riachtanas atá ann faoi láthair go mbeadh seirbhís leanúnach de níos mó ná 4 bliana acu).
26. Ba chóir d'fhostóirí measúnú a dhéanamh anois ar aon bhall den fhoireann teagaisc a bhfuil, tar éis an 1 Iúil 2013, níos mó 3 bliana de sheirbhís leanúnach acu leis an bhfostóir sin, le bheith i dteideal conartha thréimhse éiginnte i gcomhréir le cuid 2 d'Imlitir 33/2009 agus cuid 4 d'Imlitir 34/2009 agus conradh tréimhse éiginnte a eisiúint ar mhúinteoir ar bith a shásaíonn na coinníollacha atá ann.
27. Sa chás go bhfaigheann múinteoir conradh tréimhse éiginnte faoin bhforáil seo agus go bhfuil sé/sí ar an amchlár faoi láthair d'uairdeanta sa bhreis ar an gconradh tréimhse éiginnte sin, déanfar na cásanna sin a bhreithniú ar bhonn cás-ar-chás. Sa chomhthéacs seo, tabharfar aird ar mholtaí ábhartha an tSainghrúpa (féach alt 29 thíos) maidir le bearta ar féidir iad a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma.
28. Níl aon athrú i dtéarmaí Imlitir 33/2009 agus 34/2009 ach amháin sa laghdú sa riachtanas seirbhíse le bheith i dteideal measúnú a dhéanamh do chonradh tréimhse éiginnte ó 4 bliana go 3 bliana.

Bunú Sainghrúpa um Fhostaíocht Téarma Seasta agus Pháirtaimseartha sa Mhúinteoireacht

29. Tá Sainghrúpa a bhunú in Eanáir 2014 chun breathnú agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal na fostaíochta téarma seasta agus páirtaimseartha i measc múinteoirí, ag féachaint don tábhacht atá ann do mhúinteoirí de chobhsaíocht agus seasmhacht na fostaíochta agus na riachtanais chórais agus scoile agus clárúcháin leis an gComhairle Múinteoireachta á gcur san áireamh. Eiseofar tuilleadh cumarsáide maidir leis an ábhar seo de réir mar is cuí.

Socruithe Painéil Forlíontacha le Múinteoirí Iar-bhunscoile a Ath-implonú

30. I gcomhréir le téarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington, bunófar painéal forlíontach do mhúinteoirí a raibh tréimhsí fostaíochta leanúnacha acu le níos mó ná scoil/BOO amháin thar tréimhse ama fhada. Áireoidh na príonsabail ghinearálta chun tacú leis an scéim nua seo ainmniú na bhfolúntas buana áirithe le bheith líonta ón bpainéal seo agus cuirfear san áireamh, *inter alia*, na folúntais bhuana sin nach mór a líonadh le socruithe painéil atá ann cheana féin, bronnadh na gConarthaí Tréimhse Éiginnte agus dáileadh uaireanta breise do mhúinteoirí a bhfuil Conarthaí Tréimhse Éiginnte acu cheana féin. Beidh plé á dhéanamh d'fhonn na socruithe seo a thabhairt isteach don scoilbhliain 2014/15. Eiseofar tuilleadh cumarsáide maidir leis an ábhar seo de réir mar is cuí.

Athbhreithniú ar Úsáid Uaireanta Pháirc an Chrócaigh

31. Beidh athbhreithniú ann ar úsáid na n-uaireanta breise a sholáthraíonn múinteoirí faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, ina mbeidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, ceardchumainn na múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta scoile. Tosóidh an t-athbhreithniú go luath i 2014 agus críochnóidh sé sa chaoi is gur féidir leasuithe ar bith a aontófar a chur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2014. Go dtí go dtugtar isteach leasuithe ar bith, leanfar de na socruithe atá ann cheana maidir le húsáid na n-uaireanta breise mar a leagtar síos in Imlitir 25/2011. Eiseofar tuilleadh cumarsáide maidir leis an ábhar seo de réir mar is cuí.

Socruithe maolaithe maidir le poist fhreagrachta i scoileanna

32. Tá foráil i gComhaontú Bhóthar Haddington, i gcomhthéacs an lánchoisc leanúnaigh ar phoist fhreagrachta i scoileanna a líonadh, go n-oibreofar na socruithe maolaithe a bhí i bhfeidhm roimhe ar bhonn bliantúil ar feadh tréimhse an Chomhaontaithe. Leagtar amach na socruithe seo in Imlitir 4/2014.

Pinsin

33. Maidir le múinteoir a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin, déanfar a s(h)ochair aoisliúntais a ríomh trí thagairt do na scálaí pá agus liúntais inphinsin a bhaineann leis/léi ar an 30 Meitheamh 2013
34. Sa chás go dtéann múinteoir ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin ar phinsean níos airde ná €32,500, beidh an pinsean sin faoi réir an Laghdaithe Pinsin Seirbhíse Poiblí (LPSP) mar a fhoráiltear dó san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 atá i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013 agus ina dhiaidh

35. Is féidir eolas ar na forálacha LPSP san Acht 2013 a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag: <http://per.gov.ie/faqs-on-haddington-road-agreement-2/>

Scaipeachán agus Fiosruithe

36. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingítear aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire cheadaithe íoctha nó neamhíoctha san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.
37. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.
38. Ba chóir fiosruithe maidir leis an Imlitir seo a sheoladh chuig: hraqueries@education.gov.ie

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtrach
20 Eanáir 2014

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
20 Eanáir 2014

AGUISÍN 1

LUACH SAOTHAIR NÍOS AIRDE – MAOLÚ AR THIONCHAIR IOLRACHA

Céim 1

Ríomh olltuarastal iomlán reatha an mhúinteora, na liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla san áireamh ach amháin an liúntas Maoirseachta agus Ionadaíochta, áit a n-íoctar é sin leis an múinteoir. Ba chóir a nótaíl go bhfuil deireadh curtha leis an liúntas Maoirseachta agus Ionadaíochta le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2013/14.

Má bhíonn olltuarastal an mhúinteora faoi bhun €65,000 i ndiaidh an ríomha seo, ní bheidh feidhm leis na laghduithe faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013/Comhaontú Bhóthar Haddington. Má bhíonn olltuarastal an mhúinteora cothrom le €65,000 nó os a chionn, beidh feidhm leis na laghduithe agus déanfar iad a ríomh de réir na gcéimeanna thíos.

Sa chás go bhfuil duine fostaithe ar níos lú ná na huairanta iomlána ba chóir a ríomh ansin lena fheiceáil an bhfuil a dtuarastal lánaimseartha coibhéiseach os cionn €65,000. Sa chás go bhfuil a dtuarastal lánaimseartha coibhéiseach os cionn €65,000 ansin ba chóir na laghduithe a chur i bhfeidhm ar a dtuarastal ar bhonn pro-rata.

Céim 2

Cuir laghdú 5.5% ar thuarastal iomlán an mhúinteora atá faoi bhun €80,000.

Céim 3

Ríomh an chuid de thuarastal an mhúinteora atá os cionn €80,000 agus cuir laghdú 8% i bhfeidhm ar an gcuid sin de.

Céim 4

Suimigh na figiúirí a fhaightear ó Chéimeanna 2 agus 3.

Céim 5

Laghdaigh an figiúr a fhaightear trí Chéim 4 a dhéanamh faoi shuim an liúntais Mhaoirseachta agus Ionadaíochta a bhaineann leis an gcohort lena mbaineann an múinteoir i.e. laghdaigh an figiúr faoi €1,769 do mhúinteoirí a íoctar ar an scála pá d'iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 agus faoi €1,592 do mhúinteoirí atá ar na scálaí pá d'iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 nó i ndiaidh an 1 Feabhra 2012

Is é toradh an fhiúir seo ná an laghdú tuarastal bliantúil iomlán a bhaineann leis an múinteoir sin.

Céim 6

Is é tuarastal bliantúil nua an mhúinteora ná an t-olltuarastal (ríofa i gCéim 1) lúide an laghdú tuarastal bliantúil iomlán (ríofa i gCéim 5). Sa chás go mbeadh tuarastal an mhúinteora laghdaithe go figiúr faoi bhun €65,000 mar thoradh air seo, ní chuirtear an laghdú iomlán i bhfeidhm agus is é tuarastal bliantúil nua an mhúinteora ná €65,000.

Céim 7

Ba chóir an ríomh seo a dhéanamh arís má tharlaíonn aon rud a mbeadh tionchar aige ar thuarastal an mhúinteora m.sh. incrimint a bhaint amach, athruithe ar theidlíochtaí liúntais nó ardú céime.

Céim 8

Ba chóir a mheabhrú, maidir le múinteoirí a bhfuil tuarastail €65,000 nó níos mó acu, go ndéanfar an laghdú a aischur chuig an ráta a bheadh acu, mura mbeadh an laghdú tuarastail ann, laistigh de 18 mí ó dheireadh an Chomhaontaithe 3 bliana (a thosaigh ar an 1 Iúil 2013) in dhá thréimhse atá ar chóimhéid.

Sampla Oibrithe 1:

Céim 1

Sa sampla seo, is é olltuarastal iomlán reatha an mhúinteora ná €85,664 (comhdhéanta de Phointe 25 den Bhunscála Comónta d'iontrálaithe roimh 2011 móide liúntas do Chéim Onóracha móide liúntas do Phríomhoide Catagóir 7). Faigheann an múinteoir an liúntas Maoirseachta €1,769 freisin, ach déantar neamhaird de sin do chúiseanna an ríomha seo.

Toisc go bhfuil olltuarastal an mhúinteora os cionn €65,000, beidh feidhm leis na laghduithe pá faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013/Comhaontú Bhóthar Haddington

Céim 2

Is í an chuid den tuarastal ba chóir an laghdú 5.5% a fháil ná €80,000. Mar thoradh air sin, bíonn laghdú €4,400 ann.

Céim 3

Is í an chuid den tuarastal a sháraíonn €80,000 ná €5,664. Ba chóir an laghdú 8% a chur i bhfeidhm, mar sin, ar €5,664. Mar thoradh air sin, bíonn laghdú €453 ann.

Céim 4

Má chuirtear €4,400 agus €453 le chéile, faightear €4,853.

Céim 5

Má laghdaítear €4,853 faoi €1,769, faightear €3,084. Mar sin, is é €3,084 an laghdú pá bliantúil iomlán a bhaineann leis an múinteoir seo.

Céim 6

Is é tuarastal bliantúil nua an mhúinteora le feidhm ón 1 Iúil 2013 ná €82,580 (is ionann sin agus €85,664 lúide €3,084). Ba chóir a nótaíl go gcuirfear deireadh leis an liúntas Maoirseachta agus Ionadaíochta le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2013/14.

Sampla Oibrithe 2:

Céim 1

Sa sampla seo, is é olltuarastal iomlán reatha an mhúinteora ná €65,247 (comhdhéanta de Phointe 16 den Bhunscála Comónta d'iontrálaithe roimh 2011 móide liúntas do ATO Onóracha móide liúntas do Chéim Mháistir móide liúntas do Phríomhoide Cúnta). Níl dualgais mhaoirseachta ag an múinteoir faoi láthair agus ní fhaigheann sé/sí íocaíocht maoirseachta agus ionadaíochta.

Toisc go bhfuil olltuarastal an mhúinteora os cionn €65,000, beidh feidhm leis na laghduithe pá faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013/Comhaontú Bhóthar Haddington.

Céim 2

Toisc nach sáraíonn tuarastal an mhúinteora €80,000, is í an chuid den tuarastal ba chóir an laghdú 5.5% a fháil ná €65,247. Mar thoradh air sin, bíonn laghdú €3,589 ann

Céim 3

Laghdaítear €3,589 faoi €1,769. De ghnáth, is é €1,820 an laghdú pá bliantúil iomlán a bheadh infheidhmithe don mhúinteoir seo. Ó tharla go bhfágfadh laghdú de €1,820 tuarastal an mhúinteora faoi bhun €65,000, áfach, ní laghdaítear an tuarastal ach go dtí €65,000. Is é tuarastal bliantúil nua an mhúinteora le feidhm ón 1 Iúil 2013 ná €65,000.

AGUISÍN 2

- (a) Scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, le feidhmiú le héifeacht ón 1 Iúil 2013. Leanfar de liúntais cáilíochta a íoc leis an gcohort seo de mhúinteoirí de réir mar is cuí.

Pointe	1/1/2011
	Scála leasaithe ón 1 Iúil 2013
1	27,814
2	28,775
3	30,702
4	31,924
5	33,168
6	34,136
7	36,576
8	37,795
9	39,251
10	40,700
11	42,160
12	43,380
13	44,996
14	44,996
15	44,996
16	47,225
17	47,225
18	47,225
19	47,225
20	50,170

21	50,170
22	50,170
23	53,423
24	54,339
25	55,514

- (b) Rátaí leasaithe in aghaidh na huairé do mhúinteoirí páirtaimseartha agus ionaid a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, le feidhmiú le héifeacht ón 1 Iúil 2013:

	1/1/2011 Ráta leasaithe ón 1 Iúil 2013
Ráta iarbhunscoile in aghaidh na huairé (ócáideach cáilithe) (áiríonn pá saoire 22%)	41.13
Ráta iarbhunscoile in aghaidh na huairé (neamhcháilithe) (áiríonn pá saoire 8%)	36.76

AGUISÍN 3

- (a) Scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh, agus d'iontrálaithe as seo amach, le feidhmiú le héifeacht ón 1 Iúil 2013. Níl liúntais cáilíochta iníoctha leis an gcohort seo de mhúinteoirí.

Pointe	1/2/2012
	Scála leasaithe ón 1 Iúil 2013
1	30,702
2	33,168
3	33,950
4	36,576
5	37,795
6	39,251
7	40,700
8	42,160
9	43,380
10	44,996
11	44,996
12	44,996
13	47,225
14	47,225
15	47,225
16	47,225
17	50,170
18	50,170
19	50,170
20	50,170

21	53,423
22	53,423
23	53,423
24	58,765
25	59,940

- (b) Rátaí leasaithe in aghaidh na huairé do mhúinteoirí páirtaimseartha agus ionaid a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh, agus d'iontráilte as seo amach, le feidhmiú le héifeacht ón 1 Iúil 2013:

	1/1/2011 Ráta leasaithe ón 1 Iúil 2013
Ráta iarbhuscoile in aghaidh na huairé (ócáideach cáilithe) (áiríonn pá saoire 22%)	40.17
Ráta iarbhuscoile in aghaidh na huairé (neamhcháilithe) (áiríonn pá saoire 8%)	36.76